STAIR NA AHÉIREANN I 100 RÉAD, ROGHA DÍOBH
PLEAN CEACHTA RANG 5 AGUS 6

Slabhra sclábhaí Lochlannach
deireadh an naoú haois nó tús an deichiú haois

Bíonn scéalta iontacha le hinsint ag roinnt réad. Rinneach roinnt díobh le teann cúraim agus grá. Rinneadh roinnt díobh ar mhodh an-oilte agus na hábhair ba bhreátha dá raibh ann á n-úsáid.

Ach níorbh amhlaidh an scéal i gcás an réada seo. Dá bhfeicfeá an réad seo ar an talamh, is dócha nach stopfá chun breathnú air athuair. Agus dá ndéanfá machnamh air ar feadh meandair, agus tú ag brostú chuig an scoil nó chuig an siopa nó chun bualadh le cara, d'fhéadfadh sé go gceapfá nach raibh ann ach píosa miotail mheirgigh a ndearnadh dearmad air nuair a bhí seomra ... nó gluaisteán ... nó bothán á ghlanadh ag duine nó gur rud é nárbh fhiú a bheith buartha faoi mar go raibh tú i bhfad ró-ghnóthach ... agus gurbh éigean duit imeacht ...

Is slabhra é. Slabhra iarainn atá fíorshean. Agus tá scéal le hinsint aige. Is scéal é a bhaineann le sclábhaíocht. Samhlaigh, le do thoil, gur aimsir na Lochlannach atá ann, os cionn 1,200 bliain ó shin.

Tá bean áirithe ag féachaint i ndiaidh roinnt ainmhithe agus í ag caint lena comharsana. Go tobann, cloistear scread. Scread a scanraíonn í.

'RUATHAR!'

D'éirigh sí as gach rud a bhí ar siúl aici. Gach uile rud. Céard a dhéanfadh sí? Rith? Dul i bhfolach?

Ach sular féidir léi cinneadh ceart a dhéanamh, déantar ionsaí ón gcúl uirthi, tógadh den talamh í agus caitheadh isteach i gcairt í. Bhí cúrsaí trína chéile thart uirthi. Tá daoine ag béiceadh. Caitear fir agus mná eile isteach sa chairt in aice léi. Tá a héadan ag cur fola agus mothaíonn sí trína chéile agus tá mearbhall uirthi. Is mian léi a fháil amach cad a tharla dá teaghlach ach tá sí á brú agus á soncáil agus deirtear léi a bheith ina tost.

Cuirtear slabhra ar a rúitíní, ar slabhra é atá díreach cosúil leis an slabhra seo. Agus an nóiméad áirithe sin, scoireann sí, le fírinne, de bheith ina duine. Is rud í anois. Píosa maoine ar féidir é a bhogadh ó áit go háit agus a dhíol ar airgead. Sclábhaí.

Tugtar go Baile Átha Cliath í mar gur ansin a dhéantar an gnó ar fad. Calafort gnóthach bríomhar atá ann. Cathair shaibhir inar féidir cuid mhór airgid a shaothrú. Cathair atá i gcroílár thrádáil ollmhór na sclábhaíochta, ní amháin in Éirinn ach san Eoraip chomh maith.

Díoltar í mar a bheadh píosa feola ann, ar chúpla unsa airgid. Tugann a húinéir uirthi uaireanta fada oibre a dhéanamh, lá i ndiaidh lae. Uaireanta, buailtear í; uaireanta fágtar gan bhia í.

Agus sin deireadh an scéil, ós rud é, dáiríre, nach bhfuil mórán eolais againn faoi cad a tharla do sclábhaithe i mBaile Átha Cliath in aimsir na Lochlannach. Ach tá a fhios againn gur tugadh cuid mhór acu go Críoch Lochlann iad agus gur díoladh arís agus arís iad i margaí in Iarthar na hEorpa.

Agus sin é mar gur measadh nach raibh aon tábhacht ar chor ar bith ag sclábhaithe. Níor bhac aon duine le scríobh fúthu agus, dá bhrí sin, is beag an méid taifead atá againn faoi cad a rinne siad nó faoi conas a mhair siad. Agus maidir le smaointe nó le mothúcháin nó le híseanna na sclábhaithe - ba chuma le duine ar bith. Ní raibh i sclábhaithe ach rudaí úsáideacha a bhí ann chun an obair chrua shalach a dhéanamh, is é sin an obair nár theastaigh ó aon duine eile í a dhéanamh.

Agus féach ar an slabhra arís anois, An féidir leat gligeáil lag le cloisteáil?

An féidir leat imlíne duine a fheiceáil - bean nó fear b'fhéidir? Duine a bhfuil a ghuaillí nó a guaillí cromtha agus a bhfuil a cheann faoi nó a ceann fúithi, duine atá níos scanraithe ná mar a bhí sé nó sí riamh roimhe ...